

SÍOCHÁIN AGUS POBAL



CÉN FÁTH A BHFUIL SÉ TÁBHACHTACH?

Tá sé de cheart ag gach duine maireachtáil i sochaí shíochánta agus mothú go mbaineann siad léi.

NA SAINCHEISTEANNA

I ndomhan atá ag éirí níos deighilte, tá daoine óga ag brath tionchar na polaraithe ina saol laethúil. Tá deighiltí agus treibheachas, a eascraíonn as mífhaisnéis, bréagaisnéis, seomraí macalla agus claontacht, ag déanamh níos deacra comhchuspóir a aimsiú agus mothú sábháilte. Tá diúltachas agus easpa tuisceana á leathadh idir grúpaí ar bhonn cé muid féin, cárb as dúinn agus cad a chreidimid, agus tá naimhdeas, fearg agus foréigean ag dul i méid dá bharr.

CAD A DÚIRT DAOINE ÓGA?

Tharraing daoine óga aird ar na saincheisteanna seo:

Foréigean

Gan a bheith in ann siúl timpeall gan eagla

Cáineadh á mheas mar fhadhb, cé gur cheart dúinn foghlaim agus fás uaidh

Méadú ar idé-eolaíocht na heite fíordheise

Seomraí macalla – scaipeadh mífhaisnéise agus diúltachais

Claontacht neamhfhiosach – dearcthaí a chuirtear ar aghaidh ó ghlúin go glúin

Foréigean ar líne

A bheith in ann maireachtáil, ach gan a bheith in ann bláthú

CAD BA MHAITH LINN GO NDÉANFADH CINNTEOIRÍ

Scileanna smaointeoireachta criticiúla a fhorbairt i scoileanna – daoine óga a mhúineadh conas foinsí a aithint, claontacht a thuiscint agus dearcthaí éagsúla a mheas.

Níos mó infheictheachta a thabhairt do ghrúpaí pobail – deiseanna inrochtana a chruthú do dhaoine ó chúlraí éagsúla bualadh le chéile.

Díriú ar cheantair a bhfuil riachtanas iontu – deiseanna a chruthú chun pobail a thabhairt le chéile in áiteanna nach bhfuil an oiread céanna éagsúlachta iontu, amhail ceantair thuaithe.

Níos mó spásanna sábháilte a chruthú le haghaidh plé mionchúiseach ar cheisteanna casta.

Na meáin a thabhairt chun cuntais – múnlaíonn na meáin ár gcomhráite agus is féidir leo deighilt a chothú nuair a dhíríonn siad ar phobail áirithe.

Ceiliúradh gach cultúir a spreagadh.

PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA

Na Céimeanna Beaga

Bí i do shaoránach gníomhach – tabhair dúshlán don mhífhaisnéis agus don bhréagaisnéis nuair atá sé sábháilte é sin a dhéanamh.

Féinmhachnamh – déan nós de cheistiú a dhéanamh ar do chreidimh féin agus ar a mbunús.

Oscailteacht – labhair le daoine a bhfuil tuairimí eile acu agus bí sásta éisteacht le peirspictíochtaí éagsúla.

Úsáid na meán – léigh níos mó ná dearcadh amháin ar an gceist chéanna chun do thuairim féin a chruthú.

Bí cineálta – bíodh meas agat ar dhearcthaí daoine eile fiú mura n-aontaíonn tú leo.